# Éire atá sábháilte, cóir agus uilechuimsitheach

## Ráiteas Straitéise 2021 - 2023

An Roinn Dlí agus Cirt
Department of Justice



# Clár an Ábhair


| | |
|---|---|
| Brollach ón Aire Dlí agus Cirt | 3 |
| Réamhrá ón Ard-Rúnaí | 4 |
| Ár Spriocanna | 5 |
| Ár Misean | 6 |
| Ár Luachanna | 6 |
| Ár dTimpeallacht Oibríochta | 7 |
| Ár bPríomh-Chomhpháirtithe Straitéiseacha | 11 |
| Sprioc 1: Dul i ngleic leis an gcoireacht, slándáil náisiúnta a choimeád agus póilíneacht a bhunathrú chun feabhais | 13 |
| Sprioc 2: Feabhas a chur ar rochtain ar an gceartas agus an córas cúirteanna a nuachóiriú | 15 |
| Sprioc 3: Sábháilteacht pobail a neartú, athchiontú a laghdú, tacú le híospartaigh, agus foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe a chomhrac | 17 |
| Sprioc 4: Córas cóir inimirce a sholáthar do ré dhigiteach | 19 |
| Sprioc 5: Dlús a chur leis an nuálaíocht, le claochlú digiteach agus le gníomhú ar son na haeráide ar fud na hearnála ceartais | 21 |
| An dóigh a n-oibreoimid sa todhchaí | 23 |
| Príomhtháscairí | 25 |
| Aguisín 1: Gealltanais i gClár an Rialtais | 27 |
| Aguisín 2: Gníomhaireachtaí/Comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne | 33 |



# Réamhrá ón Aire

Is í cosaint ár muintire agus ár Stáit an chéad fhreagracht atá orainn sa chóras ceartais.

Is amhlaidh, áfach, go bhfuil ár gcuid beartas agus dualgas sa Roinn Dlí agus Cirt le sonrú ar bhonn i bhfad níos leithne agus go dtéann siad i bhfeidhm ar shaol mhuintir na hÉireann agus ar shochaí na hÉireann.

Anuas ar a chinntiú go mbíonn ár muintir slán sábháilte, tá sé de dhualgas orainn conair chothromasach inrochtana a sholáthar chun an cheartais; tacú le híospartaigh agus le pobail; agus caitheamh ar bhealach measúil leis na daoine sin a iarrann dídean inár dtír nó ar mian leo cur fúthu inti.

Tá sé de dhualgas orainn freisin tacú leis na daoine sin a bhíonn ag brath orainn gach lá ina saol gnó, teaghlaigh agus pobail agus leis na daoine sin a dteastaíonn uathu go ndéileálaimid leo ar bhealach comhbhách tuisceanach in amanna géarchéime agus deacrachta.

Teastaíonn uaim córas ceartais a fhreastalaíonn ar gach duine a thógáil.

Tacaí leis an Ráiteas Straitéise seo a bheidh inár bPleananna Dlí agus Cirt bliantúla, áit a leagfar amach na gníomhartha a chuirfimid chun feidhme chun ár gclár athchóirithe a chur i gcrích. Ag obair dúinn ar fud na hearnála chun aiseolas a fháil agus chun a chinntiú go dtabharfaimid ar a chéile ár spriocanna a chomhlíonadh, déanfaimid na Pleananna Dlí agus Cirt a nuashonrú gach bliain trí ghníomhartha agus amlínte nua a chur leo.

Leagtar amach sa Straitéis seo ár n-uaillmhian le haghaidh earnáil ceartais lena ndéanfar clár oibre um Thús Áite do Sheirbhísí Digiteacha a nuáil agus a ghlacadh, rud a fhágfaidh go mbeidh ár seirbhísí féin agus seirbhísí na hearnála ceartais uile sorochtana agus a chinnteoidh go bhfreastalóidh siad ar na daoine a bhfuil siad ag teastáil uathu. Is earnáil í sin a chuirfidh beartais ghníomhaithe ar son na haeráide chun feidhme chun rannchuidiú le hiarrachtaí dul i ngleic leis an athrú aeráide agus chun a bheith ina heiseamláir freisin.

Toradh amháin atá ar Covid-19 is ea go bhfacamar na daoine breátha a oibríonn inár Roinn agus ar fud ár n-earnála agus iad i mbarr a maitheasa. Thug Seirbhís Phríosúin na hÉireann freagairt ghairmiúil maidir lenár bpríosúin a choinneáil sábháilte le linn na paindéime agus chuir an tSeirbhís Chúirteanna a cuid cleachtas in oiriúint go tapa nuálach chun seirbhísí dlí a choinneáil ar bun.

Trína chaidreamh lenár bpobail a threisiú, tá i bhfad níos mó ná seirbhís póilíneachta a sholáthar le linn na paindéime déanta ag an nGarda Síochána. Thar thréimhse feidhme ár Straitéise, is féidir linn a bheith ag súil go muiníneach leis go gcuirfidh an Garda Síochána a bhunathrú ina sheirbhís póilíneachta den chéad scoth i gcrích, agus é ag obair ar son shábháilteacht ár bpobal.

Trí reachtaíocht níos láidre a thabhairt isteach, agus acmhainní breise, tacófar leis an nGarda Síochána dul i ngleic leis na dronga coireachta eagraithe atá ag baint tairbhe as an ainnise. Ní ghéillfidh an córas ceartais agus é ag dul i ngleic go diongbháilte leis na dronga agus ní ligfidh sé dóibh greim a fháil ar ár ndaoine óga ach oiread.

Ní hé amháin go bhfuil sochaí na hÉireann á bunathrú le blianta anuas trí shraith athruithe sóisialta ach tá sí á bunathrú freisin trí na drochghnéithe dár stair ghairid, agus an dochar a rinneadh do roinnt mhaith de mhuintir ár dtíre dá ndeasca, a admháil.

Creidim go daingean go bhféachfaidh na glúnta atá le teacht siar ar sciúirse an fhoréigin bhaile, ghnéasaigh agus inscnebhunaithe agus go gceisteoidh siad cén fáth ar cuireadh suas leis mar chineál is lú coire nó mí-úsáide ar feadh tréimhse chomh fada sin. Tá an ré sin thart.

Mar thoradh ar ár n-athchóirithe, gheobhaidh íospartaigh na mí-úsáide gnéasaí, baile agus inscnebhunaithe tacaíocht ón gcóras ceartais choiriúil agus cuirfear pionós ar a mí-úsáideoirí. Cosúil le híospartaigh uile na coireachta, beidh a fhios acu go bhfuil ár gcóras ann chun freastal orthu nuair atá siad fíorleochaileach.

Chun córas ceartais a fhreastalaíonn ar gach duine a thógáil, ní mór dúinn inrochtaineacht ár gcuid cúirteanna agus seirbhísí dlí a mhéadú, freisin.

Is é atá i gceist leis sin an córas a dhéanamh níos tuisceanaí faoi riachtanais na dteaghlach atá ag déileáil le deacrachtaí móra agus le híogaireacht, rud a bhainfimid amach trí Chúirt Teaghlaigh nua agus trí nósanna imeachta athchóirithe cúirte.


Rud eile atá i gceist leis an rochtain ar an gceartas a fheabhsú is ea costais árachais agus dlí a bhrú síos chun cabhrú le gnóthais, le tomhaltóirí agus le pobail. Tá costais dlí in Éirinn toirmeascach. Tá siad ina mbacainn ar dhaoine an ceartas a lorg agus déanann siad damáiste dár n-iomaíochas eacnamaíoch.

Bhí ár n-earnálacha cultúir agus fáilteachais ar na hearnálacha ba mhó a d'fhulaing de dheasca phaindéim Covid-19. Tá an-chuid dár bhforais chultúir agus dár n-ionaid chultúir dúnta le bliain anuas. Saibhreoidh na hearnálacha sin ár saol an athuair roimh i bhfad agus cabhróimid leo téarnamh. Nuachóireoimid ár ndlíthe ceadúnúcháin chun tacú le forbairt an gheilleagair oíche chun go mbeidh ár gcuid cathracha i measc phríomhchathracha cultúir an domhain.

Téann an córas ceartais i bhfeidhm ar a lán gnéithe dár saol.

Creidim gur féidir linn leas a bhaint as ár bPleananna Dlí agus Cirt bliantúla chun athchóirithe uaillmhianacha a chur chun feidhme ar mhaithe le córas ceartais a thógáil a rannchuidíonn leis an tsochaí a fheabhsú.

Ar mhaithe le córas ceartais a fhreastalaíonn ar gach duine a thógáil.



**Eiléana Nic an tSaoi TD**
**An tAire Dlí agus Cirt**



# Réamhrá ón Ard-Rúnaí

Tá áthas orm an Ráiteas Straitéise seo don tréimhse 2021-2023 a chur faoi bhráid an Aire. Léiríonn na cúig sprioc ardleibhéil atá leagtha amach sa doiciméad seo an leithead, an chastacht agus an tábhacht a bhaineann leis an misean atá ag an Roinn oibriú chun Éire shábháilte, chóir agus uilechuimsitheach a bhaint amach.

Agus an plean seo á fhoilsiú, is í an obair chun Covid-19 a chomhrac bun agus barr an tsaoil agus tá tionchar fadtéarmach na heachtra domhanda sin fós le teacht chun cinn. Is eol dúinn go ndearna an eachtra sin athrú buan ar an dóigh a n-oibrímid: cé go bhfuil cuid den athrú sin dearfach agus nuálach, is gá breithniú agus bainistiú cúramach a dhéanamh ar ghnéithe eile de. D'ainneoin na héiginnteachta sin, tá clár uaillmhianach leagtha amach againn don chéad trí bliana eile i gcomhréir le Clár an Rialtais. Tá an clár bunaithe ar chomhairliúchán poiblí fadréimseach agus tógann sé ar an athstruchtúrú eagraíochta a rinneamar le déanaí. Leis an gclár, leanfaimid le hinfheistiú inár mbaill foirne, inár gcórais agus inár gcultúr agus lena bhforbairt.


Tá an ceartas dírithe ar an duine. Tá tábhacht ag baint lenár gcuid oibre agus tá cuspóir léi toisc go n-imríonn sí tionchar díreach ar an bpobal. Is minic a tharlaíonn sé sin ag amanna leochaileachta nó géarchéime pearsanta. Níos mó agus níos mó, gné thábhachtach dár gcultúr eagraíochta is ea deiseanna a chruthú chun éisteacht leis na daoine ar a bhfuil an tionchar is mó ag ár gcuid oibre agus chun fadhbanna a réiteach i gcomhar leo. Trí fhíor-chomhoibriú fiúntach, gnóthóimid léargas luachmhar agus bainfimid amach torthaí a mbeidh bonn eolais níos mó fúthu agus a bheidh níos inbhuanaithe.

Leis an straitéis, tacaítear leis an méid sin freisin trí phlean a leagan síos le hinfheistíocht mhór a dhéanamh inár gcórais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide agus sa chumas atá againn seirbhísí poiblí a sholáthar ar líne. Tá meon tionscadail á leabú againn chun cabhrú linn dea-thorthaí a bhaint amach go tapa agus, thar shaolré na straitéise seo, neartóimid tuilleadh ár bhfócas ar mhéadrachtaí agus ar tháscairí. Cumasóidh sé sin dúinn sonraí agus taighde a bhailiú agus a scrúdú agus teacht i dtír orthu ar bhealach trédhearcach, agus tacaíocht á tabhairt do chomhpháirtíochtaí seachtracha chun roghanna beartais a iniúchadh agus chun torthaí a mheas. Leagtar amach sa straitéis freisin na gníomhartha eagraíochta agus na gníomhartha aonair atá le déanamh againn go léir chun rannchuidiú lenár gclár oibre aeráide.

Tá sé ríthábhachtach do láidreacht agus teacht aniar ár n-eagraíochta cumas a mhéadú i ngach ceann de na réimsí sin agus dearadh leanúnach eagraíochta agus cur chuige straitéiseach i leith na foghlama agus na forbartha, go háirithe chun áit oibre chumaiscthe na todhchaí a bhainistiú, ag cur leis sin. A bhuí le straitéis nua acmhainní daonna, neartófar ár gcultúr tuilleadh trí thacú lenár mbaill foirne agus iad a fhorbairt agus trí phleanáil don todhchaí, agus daoine cumasacha á gcothú ag gach leibhéal.

Foilseofar Plean Dlí agus Cirt gach bliain den straitéis, ina leagfar ár gcuid cuspóirí agus gníomhartha amach ar bhealach níos mine. Déanfar faireachán agus athbhreithniú rialta ar dhul chun cinn i rith shaolré na straitéise agus foilseoimid nuashonrú ar a cur chun feidhme dhá uair in aghaidh na bliana.

Mar fhocal scoir, teastaíonn uaim buíochas a ghabháil le mo chuid comhghleacaithe cumasacha tiomanta ar fud na Roinne agus na hearnála araon, a bhíonn ag déileáil le dúshláin mhóra agus a n-éiríonn leo ag an am céanna an misean atá ag an Roinn don Rialtas agus don phobal ar a bhfreastalaímid go léir a chomhlíonadh.



**Oonagh McPhillips**
**An tArd-Rúnaí**



# Ár Spriocanna

## na nithe ba mhaith linn a bhaint amach

1. Dul i ngleic leis an gcoireacht, slándáil náisiúnta a choimeád agus póilíneacht a bhunathrú chun feabhais
2. Feabhas a chur ar rochtain ar an gceartas agus an córas cúirteanna a nuachóiriú
3. Sábháilteacht pobail a neartú, athchiontú a laghdú, tacú le híospartaigh, agus foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe a chomhrac
4. Córas cóir inimirce a sholáthar do ré dhigiteach
5. Dlús a chur leis an nuálaíocht, le claochlú digiteach agus le gníomhú ar son na haeráide ar fud na hearnála ceartais



# Ár Misean

## Obair ar son Éire atá sábháilte, cóir agus uilechuimsitheach

# Ár Luachanna

## Na prionsabail a threoraíonn sinn

| Luachanna | Ár nGealltanas | Conas |
|---|---|---|
| **Comhoibríoch** | Oibreoimid le daoine eile le hiontaoibh agus i gcomhpháirt | Rachaimid i mbun cumarsáide le daoine ar bhealach measúil, cuimsitheach agus fiúntach, le meas ar a gcuid dearcthaí agus léargas, agus ag teacht ar réitigh chomhroinnte |
| **Gairmiúil** | Beimid neamhchlaon, cuntasach agus eiticiúil | Cuirfimid ár gcuid oibre i gcrích le hatrua, le hionracas agus le bród, agus sinn dírithe ar anailís oibiachtúil agus ar chinnteoireacht eolach ar mhaithe leis an maith choiteann |
| **Oscailte** | Beimid sofhreagrach faisnéiseach, ag dul i mbun cumarsáide chun fíor-naisc a chruthú | Malartóimid smaointe agus réiteoimid fadhbanna, agus faisnéis á cur in iúl agus á comhroinnt go réamhghníomhach againn chun comhpháirtíochtaí a fhorbairt agus chun riachtanais agus ionchais an phobail ar a bhfreastalaímid a chomhlíonadh. |



# Ár dTimpeallacht Oibríochta

## Réamhrá

Gabhann freagracht ollmhór leis an bhfís atá ag an Roinn Éire atá sábháilte, cóir agus uilechuimsitheach a bhaint amach. Is é a ghabhann leis an bhfreagracht sin freisin, áfach, mórchuspóir agus mórbhród mar gheall ar an rannchuidiú a dhéanann ár n-eagraíocht le sochaí chóir dhaonlathach a sholáthar. Is orainn atá an phríomhfhreagracht as an mbeartas poiblí i leith shlándáil an Stáit agus shábháilteacht an phobail, lena n-áirítear an choireacht a chosc agus a bhrath, an ceartas a riar, próisis imirce isteach agus chosanta idirnáisiúnta a bhainistiú, seirbhísí rialála tábhachtacha a sholáthar, agus an dlí sibhialta agus an dlí coiriúil a athchóiriú go leanúnach.

Imríonn an Roinn seo ról lárnach maidir le sochaí dhaonlathach a fhothú agus a choinneáil ar bun, agus tá an dóigh a n-imrímid an ról sin ina léiriú ar an tiomantas domhain atá againn do chearta an duine agus don chomhionannas, mar atá leagtha amach sa Bhunreacht agus sa Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine. Cé gur aistríodh uainn an sainchúram a bhí orainn i leith an imeasctha agus an chomhionannais, táimid fós tiomanta don mhisean atá againn Éire atá sábháilte, cóir agus cuimsitheach a bhaint amach. Baineann ríthábhacht le gach ceann de na nithe sin maidir le hiontaoibh an phobail as ár gcuid oibre a choinneáil.

Fostaíonn an Roinn breis agus 2700 ball foirne go díreach agus oibríonn 28 gcomhlacht faoinár gcoimirce. Tá gné idirnáisiúnta ag an Roinn freisin, le beagnach 40 oifigeach ar post in 11 cheann d'ambasáidí agus de mhisin de chuid na hÉireann i 4 ilchríoch, agus iad ag obair ar raon leathan nithe a bhaineann leis an gceartas Eorpach agus idirnáisiúnta.

Sa bhliain 2021, tá buiséad na Roinne cothrom le €474 mhilliún agus is fiú breis agus €3 billiún an cistiú do vótaí an Ghrúpa Dlí agus Cirt (an Roinn, an Garda Síochána, an tSeirbhís Phríosúin, an tSeirbhís Chúirteanna, an tÚdarás Póilíneachta agus an Coimisiún um Chosaint Sonraí).

## Oibriú i ndomhan a bhíonn ag athrú

Bíonn dúshláin ár dtimpeallachta oibríochta ag éirí níos casta i gcónaí. Mar gheall ar mheascán den ghéarchéim dhomhanda a tháinig as COVID-19 agus d'imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach, tá gá méadaithe ann anois lenár ngnáthphatrúin iompraíochta mar eagraíocht a cheistiú go leanúnach agus cur lenár lúfaireacht agus lenár sofhreagracht do na heachtraí a thiteann amach timpeall orainn.

Neartófar an cumas atá againn freagairt do na nithe sin trí dhigitiú méadaithe sa Roinn agus san earnáil agus trí úsáid níos sofaisticiúla agus níos comhtháite a bhaint as sonraí agus as fianaise chun taca a chur faoin dóigh a soláthraímid seirbhísí agus a bhforbraímid beartais agus faoin tuiscint atá againn ar ár dtimpeallacht oibriúcháin. Thar thréimhse na Straitéise seo, forbróimid tuilleadh bealaí chun dul i ndáil chomhairle le daoine den phobal, go háirithe pobail leochaileacha, agus chun ról níos fiúntaí a thabhairt dóibh inár gcuid oibre.

Is i gcomhpháirt leis na Ballstáit eile den Aontas Eorpach a fhorbraítear méid méadaitheach dár gcuid reachtaíochta, agus is é an uaillmhian atá againn cur leis an gcumas atá againn idirbheartú agus tionchar a imirt ar an reachtaíocht sin ag na luathchéimeanna thar ceann na hÉireann.  Ní mór d'Éirinn leanúint leis an tairbhe is mó is féidir a bhaint as gach réimse dá teagmháil sheachtrach, ag gníomhú di ar bhonn déthaobhach i gcomhar lena comharsana sa Ríocht Aontaithe agus i gcomhthéacs an Aontais Eorpaigh agus na Náisiún Aontaithe. Ag an am céanna, ní mór di an tionchar is mó is féidir a imirt i ngach gné den chlár oibre um chomhar Ceartais, lena n-áirítear slándáil, inimirce agus an riail dlí.

Mar Roinn, beimid ar thús cadhnaíochta na freagartha do roinnt dúshlán domhanda thar an gcéad deich mbliana eile, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Tionchar an Bhreatimeachta ar ár gcaidreamh leis an Ríocht Aontaithe
- Ár n-áit san Aontas Eorpach agus na deiseanna a chruthaíonn sí chun tionchar a imirt ar an athrú sóisialta agus chun é a bhrú chun cinn
- Ballraíocht na hÉireann de Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe sa tréimhse 2021-22
- Athruithe déimeagrafacha, lena n-áirítear athruithe ar shreabha daonra, agus an fhreagairt don imirce ar fud an Aontais Eorpaigh
- Athruithe i gcineál na mbagairtí slándála atá roimh ár dtír agus ár sochaí
- Na dúshláin atá ann ó thaobh shábháilteacht an phobail de agus na deiseanna agus na hoibleagáidí a eascraíonn as an athrú teicneolaíochta
- Rannchuidiú, go háirithe tríd an earnáil i gcoitinne, le gealltanais na hÉireann maidir le gníomhú ar son na haeráide

Tá an Roinn tiomanta do thacú le cur chuige uile-Rialtais na hÉireann i leith Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI-anna) na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme. Aithnímid an deis atá ann rannchuidiú a dhéanamh faoin 12 sprioc atá le SFI 16: Síocháin, Ceartas agus Institiúidí Láidre – sochaithe síochánta cuimsitheacha a chur chun cinn ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe, rochtain a sholáthar ar an gceartas do chách agus institiúidí éifeachtacha, cuntasacha agus cuimsitheacha a thógáil ar gach leibhéal.

Tír an-síochánta agus an-sábháilte, de réir caighdeán domhanda agus chaighdeáin an Aontais Eorpaigh, is ea Éire. Léirítear i dtáscairí Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe an Aontais Eorpaigh gur fearr ná meán an Aontais ráta báis na hÉireann de dheasca dúnbhású, an céatadán de dhaonra na hÉireann a thuairiscíonn cásanna coireachta, foréigin nó loitiméireachta ina limistéar, caiteachas Rialtas na hÉireann ar chúirteanna dlí agus an neamhspleáchas a mheastar a bheith ag an gcóras ceartais in Éirinn. Is Straitéis uaillmhianach atá sa Straitéis seo againn don todhchaí, áfach, agus ba mhaith linn feabhsuithe a bhrú chun cinn sna réimsí sin agus bheith ar thús cadhnaíochta iontu ar deireadh.

Agus sinn ag obair le comh-ghleacaithe ar fud an rialtais, beidh aird againn ar an dóigh a gcuimsíonn ár gcuid oibre ceithre théama thábhachtacha atá i gcreat Thodhchaí Inbhuanaithe na hÉireann: cothromas inscne; meas ar an oidhreacht chultúrtha agus ar an éagsúlacht chultúrtha; cothromas sóisialta; agus cothromas idir tíortha agus réigiúin.

Beidh ról ríthábhachtach ag ár gcuid comhpháirtithe agus geallsealbhóirí, lena n-áirítear Ranna eile Rialtais agus comhlachtaí poiblí, maidir lenár gcuid freagairtí agus iarrachtaí beartais amach anseo chun institiúidí éifeachtacha, cuntasacha agus cuimsitheacha a thógáil. Sa Straitéis seo againn, leagtar béim láidir ar chomhoibriú chun dul i ngleic leis na dúshláin atá luaite thuas agus le fadhbanna 'mioscaiseacha' ár linne araon. Tá státseirbhís láidir, éifeachtach agus neamhchlaon ina cuid ríthábhachtach dár ndaonlathas. Oibreoidh an Roinn ar bhealach comhoibríoch chun tionscnaimh thrasroinne agus tras-seirbhíse poiblí lena dtéitear i mbun cumarsáide leis an bpobal ar a bhfreastalaímid, agus lena dtéitear chun tairbhe don phobal sin, a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

## An Dualgas Earnála Poiblí i leith Chearta an Duine agus an Chomhionannais 2020 - 2023

Le halt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, leagtar dualgas dearfach ar chomhlachtaí poiblí aird a thabhairt ar an ngá atá leis an idirdhealú a dhíothú, leis an gcomhionannas a chur chun cinn agus le cearta an duine atá ag na baill foirne agus na daoine dá soláthraítear seirbhísí a chosaint. Leis an alt sin freisin, ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí "measúnú a dhéanamh ar na saincheisteanna um chearta an duine agus comhionannas a mheasann siad a bheith ábhartha d'fheidhmeanna agus cuspóir an chomhlachta lena mbaineann, agus ar na beartais, na pleananna agus na gníomhartha atá i bhfeidhm nó a bheartaítear a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin". Ní mór an measúnú sin a bheith ar fáil don phobal.

Tá an Dualgas Earnála Poiblí sin ag teacht le croífheidhmeanna agus croíluachanna na Roinne. Déanann an Roinn an comhionannas agus cearta an duine a urramú agus a chur chun cinn i gcónaí trínár ngnáthobair laethúil, is cuma cé acu a bhíonn seirbhís phoiblí thábhachtach á soláthar againn, a bhíonn beartas á fhorbairt agus reachtaíocht á forbairt againn ar bhealach atá cuimsitheach agus comhlíontach ó thaobh chearta an duine de nó a bhíonn ár gcuid oibre á déanamh againn ar bhealach éifeachtúil cóir agus le hionracas agus le meas ar dhínit an duine.

Le tacaíocht ghníomhach ó cheannairí eile seirbhíse poiblí, tá an tArd-Rúnaí agus Coimisinéir an Gharda Síochána ag comhurrú an ghnímh chomhionannais, éagsúlachta agus uilechuimsithe faoin bplean reatha um athchóiriú na seirbhíse poiblí. I measc na bpríomh-aschur ón obair sin tá Ráiteas Físe, a fhuirmhuineoidh na cinn ar chomhlachtaí Seirbhíse Poiblí, agus uirlis Samhla Aibíochta, atá deartha chun cabhrú le heagraíochtaí machnamh a dhéanamh ar a ndul chun cinn thar roinnt réimsí tábhachtacha. Is acmhainní praiticiúla iad sin a bhfuil mar aidhm leo tacú le heagraíochtaí a ngealltanais chomhionannais, éagsúlachta agus uilechuimsithe a chomhlíonadh agus lena gcabhrófar le heagraíochtaí seirbhíse poiblí nach ionann méid, feidhmeanna agus acmhainneacht dóibh na dúshláin ar leith atá rompu a shárú.

Tá an Dualgas Earnála Poiblí chomh hábhartha céanna maidir le heispéireas ár mball foirne. Ar aon dul leis na luachanna atá againn, táimid tiomanta do thimpeallacht a chruthú ina gcuirimid rannpháirtíocht dhearfach, anailís chriticiúil agus cumarsáid oscailte mhacánta chun cinn, ina nglacaimid le dearcthaí éagsúla agus ina bhféachaimid le bheith uilechuimsitheach i ngach a ndéanaimid.

Leanfaimid orainn ag leabú na luachanna sin i ngach gné dár gcuid oibre. Chun tacú leis sin, déanfaimid na nithe seo a leanas:

- Measúnú úr a dhéanamh ar na saincheisteanna um chearta an duine agus comhionannas atá ábhartha d'fheidhmeanna agus cuspóir na Roinne agus ar na beartais, na pleananna agus na gníomhartha atá le

déanamh chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin. Foilseoimid an measúnú sin ar ár suíomh gréasáin;

- An dualgas atá orainn i leith chearta an duine agus an chomhionannais a chur chun cinn agus a chothú mar chuid den timthriall oiliúna;

- Athruithe agus feabhsuithe leanúnacha a bhrú chun cinn i réimsí tábhachtacha trí leanúint le noirm idirnáisiúnta ó thaobh chearta an duine de a chur chun feidhme;

- Tuairisc a thabhairt ar dhul chun cinn sa Tuarascáil Bhliantúil uainn agus, nuair is cuí, ceangal a chur ar chomhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne dul chun cinn a thomhas sna tuarascálacha bliantúla uathu féin

## Conas a d'fhorbraíomar an Straitéis seo

Cuireadh grúpa oibre ar bun chun forbairt an Ráitis Straitéise a chomhordú agus a bhrú chun cinn. Mar chuid dár gcur chuige comhairliúcháin ar an straitéis, chuamar i dteagmháil le raon leathan comhlachtaí agus comhpháirtithe ar fud na mórearnála ceartais, le Ranna eile rialtais agus leis an gCoiste Oireachtais um Dhlí agus Ceart agus seoladh próiseas aighneachta poiblí a poiblíodh ar shuíomh gréasáin agus ardáin mheán sóisialta na Roinne. Fuarthas breis agus 200 aighneacht, a úsáideadh ansin chun bonn eolais a chur faoi fhorbairt an ráitis straitéise seo againn agus chun an obair sin a neartú.

## Conas a dhéanfar faireachán ar chur chun feidhme

Comhlánaítear an ráiteas straitéise le plean gníomhaíochta bliantúil, a fhoilsítear i dtús gach bliana. Tugtar sa phlean sin tuilleadh mionsonraí faoi gach ceann de na spriocanna agus na cuspóirí straitéiseacha atá againn agus leagtar amach ann ár gClár Oibre do gach bliain. Déantar an plean, atá ar fáil ar ár suíomh gréasáin, a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go rialta agus foilsítear an t-eolas is deireanaí ina leith dhá uair in aghaidh na bliana.





# Ár bPríomh-Chomhpháirtithe Straitéiseacha

Oibreoimid go dlúth, agus comh-oibreoimid go hiomlán, lenár gcomhpháirtithe ar fud an Rialtais ar shaincheisteanna leasa choitinn agus tacóimid go hiomlán leis na cuspóirí straitéiseacha atá ag Ranna eile Rialtais. Tuigimid, faoi mar a thuigeann daoine eile, nach féidir linn an chastacht a bhaineann lenár dtimpeallacht oibre agus le 'fadhbanna mioscaiseacha' ár linne a réiteach inár n-aonar agus gur gá comhoibriú ar fud na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí chun torthaí rathúla a bhaint amach don tsochaí.

Tuigeann an Roinn an tábhacht a bhaineann le leanúint le bheith ag obair go dlúth lenár gcomhpháirtithe san Aontas Eorpach. Beidh sí uaillmhianach freisin, áfach, maidir le caidreamh a fhorbairt agus a chothú le tíortha nach raibh dlúthcheangail againn leo san am atá thart agus cuirfidh sí fáilte roimh an deis chun tuilleadh nasc sóisialta agus eacnamaíoch a fhorbairt leis na tíortha sin. Leanfaimid lenár gcaidreamh leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Rialtais dhéabhlóidithe a shaothrú tar éis an Bhreatimeachta.

Leanfaimid le tacú leis na hathchóirithe atá á ndéanamh ag an Rialtas láir ar an tseirbhís phoiblí agus taispeánfaimid ceannaireacht shoiléir agus tiomantas soiléir i raon réimsí difriúla, lena n-áirítear éagsúlacht,






nuálaíocht, an clár oibre digiteach agus an t-athrú aeráide.

Is cumasóir tábhachtach iad sonraí i dtaca le héifeachtúlacht fheabhsaithe, ceapadh beartais agus leithdháileadh acmhainní de. Leanaimid orainn ag obair in éineacht leis an bPríomh-Oifig Staidrimh chun forbairt a dhéanamh ar ár n-acmhainn agus ár gcaighdeáin maidir le sonraí agus anailísiú agus chun uasmhéadú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as sonraí riaracháin chun staitisticí oifigiúla a ghiniúint agus chun forbairt beartais a neartú.

Leanaimid le hobair i gcomhpháirt le hOifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais maidir le cur chun feidhme Straitéis TFC na Seirbhíse Poiblí, lena n-áirítear tionscadail maidir le Tógáil ar mhaithe le Comhroinnt, Tús Áite don Teicneolaíocht Dhigiteach agus Sonraí mar Chumasóir.

Go háirithe, forbróimid ár Mol Oibríochtúil Ceartais Choiriúil chun go n-éascófar leis malartuithe fíor-ama i réimsí an Cheartais Choiriúil agus na hInimirce, rud a neartóidh ár mbonn fianaise agus a bhainfidh tuilleadh éifeachtúlachtaí oibríochtúla amach inár gcuid gníomhaireachtaí.




# **Sprioc 1:** Dul i ngleic leis an gcoireacht, slándáil náisiúnta a choimeád agus póilíneacht a bhunathrú chun feabhais

Is é an aidhm atá againn Éire níos sábháilte a thógáil tríd an gcoireacht a laghdú agus a chosc, trí obair go leanúnach chun slándáil náisiúnta a choimeád agus tríd an nGarda Síochána a bhunathrú chun feabhais agus a neartú.

Tá an Roinn freagrach as treo straitéiseach an chórais cheartais choiriúil a stiúradh, agus é mar chuspóir aici an pobal a chosaint, seasamh le cearta an duine agus le cothroime nós imeachta, agus sábháilteacht, muinín agus iontaoibh an phobail a choinneáil.

Tá an-mheas ag muintir na hÉireann ar an nGarda Síochána, agus an meas sin tuillte aige. Ag gníomhú dó faoina shamhail um póilíneacht a dhéanamh le toiliú, d'éirigh leis an nGarda Síochána cur arís eile leis an seasamh atá aige le linn phaindéim Covid-19 trí leas a bhaint as a chroíluachanna agus as an gceangal atá aige leis an bpobal. Le linn thréimhse na straitéise seo, críochnóidh an Garda Síochána a mhór-bhunathrú chun feabhais agus tiocfaidh sé chun bheith ina eiseamláir de shármhaitheas póilíneachta.

Tacófar leis an nGarda Síochána an sprioc uaillmhianach sin a bhaint amach trí chumhachtaí, acmhainní agus teicneolaíocht éifeachtach a fhorbairt mar is gá agus trí chóras éifeachtach láidir rialachais agus formhaoirseachta a chur i bhfeidhm. Bunchloch an athchóirithe sin a bheidh sa Bhille nua um Póilíneacht agus Sábháilteacht Pobail.

Mar thoradh ar struchtúir, córais agus cultúr nua agus mar thoradh ar an tacaíocht mhéadaithe a thabharfar don éagsúlacht laistigh den tseirbhís chun Éire an lae inniu a léiriú ar bhealach níos fearr, tabharfar an Garda Síochána níos gaire fós do na pobail tuaithe agus uirbeacha ar a bhfreastalaíonn sé. Ag an am céanna, cabhróidh an infheistíocht i bhforbairt ghairmiúil agus i gceannaireacht le sármhaitheas agus nuálaíocht a bhrú chun cinn agus a choinneáil ar bun.

Athchóireoimid ár ndlíthe chun déileáil go héifeachtach leis na daoine a dhéanann iarracht fuath, eagla agus ciapadh d'aon chineál a scaipeadh ar líne nó as líne.

De dheasca bagairtí a bhíonn ag teacht chun cinn agus a bhíonn ag athrú go leanúnach, is gá dúinn obair i gcomhar le comhpháirtithe Eorpacha agus idirnáisiúnta chun a chinntiú go gcosnaítear ár slándáil náisiúnta agus go dtéitear i ngleic leis an sceimhlitheoireacht cibé áit a dtagann sí chun cinn: sa tír seo nó thar lear.

Téann an comhrac in aghaidh na coireachta eagraithe níos faide ná ár dteorainneacha féin, agus oibríonn an Garda Síochána go dlúth lena chomhghleacaithe idirnáisiúnta chun líonraí coirpeach tromchúiseach a bhriseadh agus chun cosc a chur orthu saol ár bpobal a mhilleadh.

Baineann an-tábhacht le comhar idirnáisiúnta freisin maidir le cur arís eile leis an gcumas atá againn dul i ngleic leis an úsáid a bhaintear as an teicneolaíocht chun críocha na cibearchoireachta.

## Cuspóirí

1. Seirbhís cheannródaíoch chuntasach a fhorbairt trí Sheirbhís Póilíneachta dár dTodhchaí a chur chun feidhme
2. Clár cuimsitheach a sholáthar chun feabhas a chur ar oibriú an chórais cheartais choiriúil
3. An chibearchoireacht a chomhrac, tacú le sábháilteacht ar líne agus ullmhú do na dúshláin a ghabhann le hIntleacht Shaorga trí bheartais agus reachtaíocht níos láidre a chur i bhfeidhm
4. Treisiú leis na bearta atá ar bun chun dul i ngleic leis an sceimhlitheoireacht agus le coireacht thromchúiseach agus eagraithe eile trí ghníomhaíocht náisiúnta agus trí chomhar idirnáisiúnta
5. An dlí coiriúil agus an nós imeachta coiriúil a athbhreithniú, a athchóiriú agus a nuachóiriú chun oibriú éifeachtach éifeachtúil an chórais cheartais choiriúil a fheabhsú agus a fhothú
6. Rialachas láidir a chinntiú i ngach comhlacht ar fud na hearnála ceartais choiriúil agus dian-fhormhaoirseacht thacúil a dhéanamh ar na comhlachtaí sin






# Sprioc 2: Feabhas a chur ar rochtain ar an gceartas agus an córas cúirteanna a nuachóiriú

Ceart bunúsach agus cumasóir tábhachtach in aon sochaí chothromasach rathúil is ea rochtain ar an gceartas. Ní mór do na córais cheartais agus chúirteanna oiriúnú go leanúnach d'athruithe ar ár sochaí agus ar ár ngeilleagar.

Áirítear sa fhreagracht atá ar an Roinn rochtain a leathnú ar an gcóras ceartais, agus bacainní ar an rochtain sin a shainaithint agus deireadh a chur leo, chun go bhfreastalóidh an córas ar riachtanais an phobail, na sochaí agus an lucht gnó.

Tá costais dlí in Éirinn toirmeascach agus tá siad ina mbacainn ar dhaoine a gcearta a fheidhmiú os comhair na gcúirteanna. Is eol dúinn freisin an difear a dhéanann na hardchostais agus na córais chasta sin dár ngeilleagar agus dár n-iomaíochas, cibé acu a bhaineann siad sin leis an gcostas ar theach a cheannach, le conradh a fhorfheidhmiú nó le hárachas a cheannach.

Is é an toradh a bheidh ar scálaí nua costas dlí a thabhairt isteach go laghdófar costais den sórt sin agus go dtabharfar cinnteacht mhéadaithe do dhaoine maidir leis na costais ar dóigh dóibh a bheith ag baint le seirbhísí dlí. Measúnóimid cé acu ba cheart nó nár cheart na scálaí sin a bheith ceangailteach, ach amháin in imthosca teoranta.

Agus í ag obair leis na breithiúna agus leis na cúirteanna, déanfaidh an Roinn an tsraith is tábhachtaí athchóirithe le 100 bliain anuas ar an dóigh a n-oibríonn ár gcúirteanna sibhialta a thabhairt isteach, le fócas ar riachtanais úsáideoirí an chórais chúirteanna.

Éascófar luathréiteach éileamh trí phrótacail réamhchaingne a thabhairt isteach. Ní mór dúinn féachaint freisin le sásraí malartacha réiteach díospóide a chur chun cinn mar rogha inmharthana eile ar an dlíthíocht. Cinnteoidh sé sin tuilleadh éifeachtúlachtaí agus laghdóidh sé an fad ama a bhaineann le himeachtaí dlí.

Chun a chinntiú go mbainfidh na cúirteanna torthaí amach do gach duine, is é an toradh a bheidh ar an gCúirt Teaghlaigh nua, agus ar nósanna imeachta pragmatacha, íogaire agus comhtháite um an dlí teaghlaigh a fhorbairt, go gcuirfear feabhas suntasach ar eispéireas na dteaghlach a idirghníomhaíonn leis an gcóras dlí le linn tréimhse fíor-dheacra.

Leag an tSeirbhís Chúirteanna clár oibre uaillmhianach amach chun ár gcúirteanna a nuachóiriú agus chun a gcuid imeachtaí a oiriúnú don lá inniu. Agus sinn ag obair le chéile, cuirfimid córas dlí na hÉireann ar bhonn inrochtana agus cuirfimid leis na hathchóirithe a tugadh isteach le linn na paindéime, amhail éisteachtaí cianda agus comhdú leictreonach doiciméad. Beidh claochlú digiteach

ar cheann de na príomhspreagthaí taobh thiar den athrú.

Ceann de phríomhéachtaí an Stáit is ea láidreacht agus neamhspleáchas ár mbreithiúna, agus tá meas ar ár mbreithiúna ar fud na hEorpa agus an domhain araon. A bhuí leis an mBille fá Choimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha, cuíchóireofar an próiseas trína gceaptar breithiúna agus cinnteofar go gceapfar na daoine is fearr don ról. Mar thoradh air sin, agus ar an tacaíocht atá á tabhairt againn do Chomhairle na mBreithiúna chun treoirlínte a thabhairt ar aghaidh maidir le hobair bhreithiúnach agus chun scileanna breithiúnacha a fhorbairt, cuirfear tuilleadh feabhais ar sheasamh ár gcórais bhreithiúnaigh sa tír seo agus thar lear araon.

Cinnteoimid go mbeidh an earnáil ceartais ina léiriú níos fearr ar shochaí nua-aimseartha na hÉireann trí fheabhas a chur ar éagsúlacht na mbreithiúna, na seirbhíse cúirteanna agus na ngairmeacha agus tríd an oideachas dlí a leathnú chun go mbeidh conairí soiléire ag níos mó daoine i dtreo obair san earnáil dlí. Bunófar Rialálaí Cearrbhachais nua agus achtófar reachtaíocht nua chun an tionscal cearrbhachais a cheadúnú agus a rialáil. Sna tograí a chuirfear chun tosaigh chun ár ndlíthe clúmhillte a thabhairt cothrom le dáta, bainfear an chothromaíocht chuí amach idir clú agus saoirse cainte.

Bhí ár n-earnálacha cultúir agus fáilteachais i measc na n-earnálacha ba mhó a d'fhulaing de dheasca phaindéim Covid-19. Téarnóidh na hearnálacha sin, áfach, agus tabharfaimid athchóirithe isteach chun tacú leis an ngeilleagar oíche a fhorbairt agus a cheadúnú, lena n-áirítear trí dhlíthe nuachóirithe ceadúnúcháin.

## Cuspóirí

1. An córas cúirteanna agus an córas dlí a nuachóiriú chun imeachtaí cúirte a sheoladh ar bhealach níos córa agus níos tapúla
2. Cúirt Teaghlaigh a bhunú agus an córas ceartais teaghlaigh a bhunathrú chun feabhais
3. Oibriú na mbreithiúna a nuachóiriú chun go mbeidh siad in ann obair ar bhealach níos éifeachtaí; agus athchóiriú a dhéanamh ar an bpróiseas le breithiúna a cheapadh
4. Tacú le costais dlí a laghdú, agus fad ama imeachtaí dlí a laghdú, agus dul i ngleic le hardchostas an árachais
5. Tacú lenár ngeilleagar agus lenár sochaí tríd an dlí rialála, an dlí ceadúnúcháin agus an dlí sibhialta a athchóiriú
6. Tacú le Cróinéir Bhaile Átha Cliath tús a chur le hIonchoisní Stardust sa bhliain 2021 agus tacú leis na cróinéirí uile a bpost a dhéanamh
7. Dian-fhormhaoirseacht thacúil a dhéanamh ar na comhlachtaí ceartais shibhialta atá faoinár gcoimirce agus a chinntiú go bhfuil struchtúir agus caidrimh chuí rialachais i bhfeidhm ar fud na gcomhlachtaí sin






# Sprioc 3: Sábháilteacht pobail a neartú, athchiontú a laghdú, tacú le híospartaigh, agus foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe a chomhrac

Tá ag dul do dhaoine ar fud na tíre ar fad a mhothú go bhfuil siad sábháilte ina bpobal agus ina dteach. Féachfaimid leis an tsábháilteacht sin a sholáthar trí dhul i mbun cumarsáide le pobail, trí dhul i ngleic leis an atitimeachas agus trí thacú le híospartaigh.

Tá rún daingean againn iarracht mhéadaithe a dhéanamh dul i ngleic le sciúirse an fhoréigin ghnéasaigh, bhaile agus inscnebhunaithe. Is é an cuspóir atá againn ina leith sin déantóirí cionta a thabhairt os comhair na cúirte agus a chinntiú gurb eol d'íospartaigh go dtacófar leo.

Tógfaimid bonneagar nua maidir leis an dóigh a ndéantar seirbhísí foréigin ghnéasaigh, bhaile agus inscnebhunaithe a eagrú agus a fhothú ar fud na Ranna difriúla. Freastalóidh sé sin ar bhealach níos éifeachtaí ar íospartaigh agus cabhróidh sé leis an obair ríthábhachtach atá ar bun ag eagraíochtaí a oibríonn sa réimse sin.

Cuirfear gach íospartach i gcroílár ár gcórais cheartais choiriúil, agus oibreoimid chun deireadh a chur leis an eagla atá ar a lán íospartach roimh theacht chun tosaigh chun foréigean a thuairisciú.

Déanfar cur chun feidhme iomlán ar an bplean Tacú le hAistear Íospartaigh, arb é ár bplean é chun cabhrú le híospartaigh agus le finnéithe leochaileacha i gcásanna foréigin ghnéasaigh. Mar thoradh ar an bplean sin, athchóireofar an córas ceartais choiriúil ag gach pointe ag a dtagann íospartach i dteagmháil leis an gcóras. Treiseofar leis an obair a dhéantar chun coireanna den sórt sin a chosc trí fheachtas náisiúnta feasachta poiblí a sheoladh maidir le toiliú.

Trí thuilleadh freagrachta a ghlacadh agus trí thuilleadh ionchuir a sholáthar, cabhróidh pobail, agus iad ag obair le seirbhísí poiblí, le sábháilteacht pobail a mhéadú agus le dochar a laghdú. Déanfaidh na Comhpháirtíochtaí nua Sábháilteachta Pobail ar fud na tíre pobail níos sábháilte do chónaitheoirí, do theaghlaigh agus do ghnólachtaí.

Ar mhaithe le sábháilteacht pobail a bhaint amach, ní mór dúinn an fhreagairt pobail cheart a sholáthar ag an am ceart. D'fhéadfadh gurbh fhearr dul i ngleic le fadhbanna ar leith tríd an oideachas, trí oibrithe sóisialta nó trí chláir idirghabhála óige.

In éineacht le hionadaithe áitiúla, le hionadaithe pobail, le grúpaí gnó agus le gníomhaireachtaí Stáit, dréachtóidh pobail a bpleananna féin maidir le conas an choireacht a chosc agus réitigh éifeachtacha a chur in ord tosaíochta. Beidh ról lárnach ag pobail maidir le réitigh nuálacha a shainaithint agus a chur chun feidhme. Cuirfidh



treoirthionscadail i Lárchathair Thuaidh Bhaile Átha Cliath, ar an Longfort agus i bPort Láirge bonn eolais faoin obair a dhéanfar chun cineálacha éifeachtacha cur chuige comhpháirtíochta a fhorbairt i leith sábháilteacht pobail.

Foilseoimid tuarascáil ar an gcúis atá le dronga coiriúla a bheith i nDroichead Átha agus ar an tionchar atá acu; oibreoimid i gcomhar le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath chun an tuarascáil uaithi maidir le Darndál, Belcamp agus Radharc an Mhóta a chur chun feidhme; agus leanfaimid lenár gcuid oibre ar thionscadal *Greentown*.

Má táimid chun daoine óga a athstiúradh ar shiúl ó shaol an choirpigh, is gá dúinn deireadh a chur leis an nasc idir dronga coiriúla agus na daoine óga leochaileacha a ndéanann siad iarracht iad a earcú. Leanfaimid orainn ag obair ar bhonn uile-Rialtais chun dul i ngleic leis na bunchúiseanna a gcumasaíonn don lucht coiriúlachta an lámh in uachtar a fháil i bpobail faoi mhíbhuntáiste agus rithfimid reachtaíocht chun cosc a chur le leanaí a ghrúmáil do shaol an choirpigh.

Gnéithe ríthábhachtacha dár gcuid iarrachtaí tacú le daoine óga a bheidh i Straitéis nua um Cheartas i leith an Aosa Óig agus i bhFóram ar Dhul i nGleic leis an Iompraíocht Fhrithshóisialta.

Ag gníomhú dúinn trí Phlean Gníomhaíochta chun Pionóis a Athchóiriú, beidh sé mar phríomhaidhm lenár mBeartas Príosún forbairt a dhéanamh ar bheartais lena dtacaítear le laghduithe ar an ráta athchiontaithe agus lena gcabhraítear leis na daoine a rinne coireanna a athimeascadh go sábháilte isteach ina bpobal.

Tríd an raon ciontuithe arna ndul as feidhm a leathnú, cabhrófar linn feabhas a chur ar na hionchais fostaíochta a bheidh ag daoine a ciontaíodh i gcion. Chomh maith leis sin, in ionad daoine a chur sa phríosún, cabhróidh smachtbhannaí pobalbhunaithe malartacha le deireadh a chur le timthriall an athchiontaithe.

Oibreoimid freisin chun dul i ngleic le fadhbanna meabhairshláinte agus andúile sa phríosún agus tacóimid le luath-idirghabhálacha sa phobal.

## Cuspóirí

1. Rannpháirtíocht an phobail a spreagadh i gcur chuige nua i leith pobail a dhéanamh níos sábháilte, agus obair a dhéanamh ar fud an rialtais agus le gníomhaireachtaí Stáit chun tacú leis an sprioc sin
2. Foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe a chomhrac agus tacú le híospartaigh na coireachta
3. Cur chun feidhme a dhéanamh ar an bplean Tacú le hAistear Íospartaigh: plean chun cabhrú le híospartaigh agus le finnéithe leochaileacha i gcásanna foréigin ghnéasaigh
4. Daoine óga a athstiúradh ar shiúl ón gcoireacht agus ó iompraíocht fhrithshóisialta
5. An Bord Parúil a chur ar bhonn reachtúil chun aird níos fearr a thabhairt ar na hábhair imní atá ag íospartaigh agus ag marthanóirí
6. Rátaí athchiontaithe a laghdú do dhaoine a ciontaíodh i gcion
7. An ceartas aisiríoch a sholáthar go sábháilte agus go héifeachtach
8. Reachtaíocht a fhoilsiú chun cur chun feidhme a dhéanamh ar an bPrótacal Roghnach a ghabhann leis an gCoinbhinsiún in aghaidh na Céastóireachta
9. Stiúradh a dhéanamh ar an obair chun straitéisí agus gníomhartha a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun ciontú a laghdú agus chun comhleanúnachas méadaithe agus cuspóir comhroinnte a thabhairt isteach san earnáil ceartais choiriúil



# Sprioc 4: Córas cóir inimirce a sholáthar do ré dhigiteach

Baineann Éire tairbhe eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha as éagsúlacht na ndaoine a thagann chuig an tír seo chun cuairt a thabhairt uirthi, chun staidéar a dhéanamh inti agus chun obair agus cónaí inti.

Tá méadú mór ag teacht go fóill ar an éileamh ar sheirbhísí inimirce na hÉireann. Bíonn lucht úsáide ár seirbhíse ag súil, agus an ceart acu, le próisis inimirce a bheith pearsantaithe, tráthúil agus sofhreagrach.

Thosaigh an Roinn ag aistriú ó phróisis pháipéarbhunaithe dlúthshaothair chuig seirbhísí inimirce túslíne atá éifeachtúil, láidir agus custaiméirlárnach, ar aon dul lenár mbeartas um Thús Áite don Teicneolaíocht Dhigiteach.

Cruthaítear le teicneolaíochtaí digiteacha agus le meaisínfhoghlaim deiseanna nua chun ár samhlacha soláthair seirbhísí a athshamhlú, agus déantar an t-eispéireas úsáideora a fheabhsú do chách. Foilseoimid treochlár chun gach seirbhís inimirce a aistriú ar líne.

Mar aon lenár seirbhísí a dhéanamh níos éifeachtúla, déanfaimid iad níos sothuigthe freisin trínár bpróisis a shimpliú agus trí fhaisnéis a sholáthar i ngnáth-Bhéarla. Cuirfimid ár suíomhanna gréasáin ar fáil sna teangacha is mó úsáid i measc ár n-úsáideoirí seirbhíse freisin.

Tá an comhionannas agus an uilechuimsitheacht ina gcroí-threoirphrionsabail don Roinn seo i gcónaí de réir mar a oibrímid i gcomhar le comhghleacaithe ar fud an Rialtais chun freagairt do roinnt de na dúshláin imirce dhomhanda is mó, agus beartas fianaisebhunaithe agus reachtaíocht fhianaisebhunaithe á bhforbairt againn.

Trí straitéis fhadtéarmach imirce a fhorbairt, cumasófar dúinn treochtaí déimeagrafacha agus eacnamaíocha agus treochtaí ginearálta imirce a mheasúnú agus córas inimirce cóir cothromaithe a thógáil.

Chruthaigh Covid-19 riaráiste suntasach maidir le hiarratais ar shaoránacht a phróiseáil freisin toisc nach rabhthas in ann searmanais saoránachta a thionól, ar searmanais iad atá ina ngné dhearfach dár saol poiblí agus sibhialta anois.

Glanfaimid an riaráiste iarratas trí mhodhanna eile agus tabharfaimid searmanais saoránachta ar ais a luaithe is féidir. Is ócáidí suairce iad na searmanais sin agus is gnách go bhfreastalaíonn na céadta daoine orthu. Tá rún daingean againn iad a atosú a luaithe a bheidh an phaindéim thart.

Cruthóimid conairí chun stádas daoine atá neamhdhoiciméadaithe go fadtéarmach agus a gcleithiúnaithe a thabhairt chun rialtachta agus córas inmharthana lúfar le haghaidh lucht iarrtha cosanta idirnáisiúnta, lena n-áirítear é a dhéanamh níos éasca ar lucht iarrtha cosanta idirnáisiúnta rochtain a fháil ar an margadh saothair.

## Cuspóirí

1. Seirbhís inimirce atá lándigiteach agus custaiméirlárnach a fhorbairt

2. Cothroime ár gcórais inimirce a chosaint agus éifeachtúlacht ár gcórais inimirce a mhéadú trí bheartais straitéiseacha nua agus trí thograí reachtacha nua

3. Cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach lenár n-úsáideoirí seirbhíse agus éagsúlacht na n-úsáideoirí seirbhíse sin a aithint agus a thuiscint agus tacú leo dul i dteagmháil go héifeachtach linn

4. Ár seirbhísí inimirce a athstruchtúrú chun gur féidir leo freastal ar ár gcustaiméirí agus ar ár dtír ar bhealach níos fearr

5. A chinntiú go bhfeidhmítear rialuithe éifeachtacha ag ár dteorainneacha, ag teacht leis na hoibleagáidí idirnáisiúnta atá orainn, agus ár slándáil náisiúnta a chothabháil

6. Riaráistí próiseála a ghlanadh ar fud gach cineáil iarratais ar inimirce.






# **Sprioc 5**: Dlús a chur leis an nuálaíocht, le claochlú digiteach agus le gníomhú ar son na haeráide ar fud na hearnála ceartais

Beidh an borradh faoin nuálaíocht, faoi chlaochlú digiteach agus faoi ghníomhú ar son na haeráide ina spreagadh ríthábhachtach maidir leis na hathchóirithe móra atá leagtha amach sa Ráiteas Straitéise seo againn a dhéanamh.

Oibreoimid i gcomhar lenár gcuid gníomhaireachtaí chun an clár oibre um Thús Áite don Teicneolaíocht Dhigiteach a ghlacadh ar fud gach réimse den earnáil cheartais. Beidh sé sin mar chroíthosaíocht don Roinn le linn an phlean trí bliana seo agus thar an gcéad deich mbliana eile.

Gné lárnach de gach a ndéanaimid is ea dea-thorthaí a bhaint amach don phobal, agus tá na cláir oibre um Thús Áite don Teicneolaíocht Dhigiteach agus um nuachóiriú mar thaca faoi na spriocanna straitéiseacha uile atá againn.

Leanfaimid le hinfheistiú a dhéanamh i mbainistíocht faisnéise agus i dteicneolaíocht chun laghdú a dhéanamh ar an méid ama a chaitear ar pháipéarachas ar fud na hearnála agus chun feabhas a chur ar an eispéireas seirbhíse do chustaiméirí do gach duine a úsáideann ár seirbhísí.

Fágfaidh sé sin go mbeidh tuilleadh Gardaí ar patról agus ar an túslíne mar gheall ar an am a shábhálfar sa stáisiún. Soláthrófar teicneolaíocht cheannródaíoch don Gharda Síochána chun go mbeidh rochtain chianda ag Gardaí ar fhaisnéis shlán fíor-ama agus iad ar an stádar.

Fágfaidh sé go mbeidh Seirbhís Chúirteanna níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí againn; agus rochtain níos éasca, níos saoire agus níos tapúla á tabhairt ar an gceartas. Agus fágfaidh sé go mbeidh againn seirbhís inimirce a bheidh níos cuíchóirithe agus níos nua-aimseartha agus a fhreastalóidh ar riachtanais ár gcustaiméirí.

Cinnteoimid go mbeidh córais comhtháite ar fud na hearnála ceartais, a fhágfaidh go mbeifear in ann faisnéis a chomhroinnt go sábháilte agus go tapa idir gníomhaireachtaí agus go mbeidh daoine aonair agus gnólachtaí in ann comhlachtaí rialála a rochtain go héifeachtach.



Cuirfimid nuálaíocht agus sármhaitheas chun cinn ar fud na hearnála ceartais; tabharfaimid aitheantas don ardfheidhmíocht agus féachfaimid le cineálacha rathúla cur chuige a phríomhshruthú. Trí straitéisí nua ceannaireachta agus nuálaíochta, déanfaimid ceangal agus comhoibriú ar fud na hearnála ceartais chun nuálaíochtaí rathúla a leathnú, chun acmhainneacht ceannaireachta a fhorbairt, chun dea-smaointe a phríomhshruthú agus chun córais thacúla mheastóireachta agus dearbhaithe cáilíochta a chinntiú.

Saindúshlán ár linne is ea an cur isteach ar an aeráid. Déanfaimid gníomhartha agus gníomhaíochtaí na hearnála ceartais a ailíniú go hiomlán leis an uaillmhian aeráide atá i gclár an rialtais.

Tá gníomhaireachtaí earnála ceartais, an Garda Síochána agus an tSeirbhís Chúirteanna san áireamh, i measc na ngníomhaireachtaí is infheicthe earnála poiblí sa Stát agus tá láithreacht láidir infheicthe acu inár bpobail. Beidh ról ríthábhachtach le himirt ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus ag gníomhaireachtaí eile ceartais freisin.

Trí laghdú a dhéanamh ar ár spleáchas ar charbón agus trí bheartais um ghníomhú ar son na haeráide a chur chun feidhme i réimsí amhail bainistíocht flíteanna agus eastát, soláthar poiblí glas agus éifeachtúlacht fuinnimh, ní hé amháin go dtabharfaidh na gníomhaireachtaí sin ceannaireacht le dea-shampla san iarracht a dhéanfar ar fud shochaí na hÉireann ár ngealltanais athraithe aeráide a chomhlíonadh, ach tabharfaidh siad spreagadh do dhaoine eile freisin cleachtais a ghlacadh lena n-íoslaghdófar a dtionchar ar an gcomhshaol agus lena n-uasmhéadófar an tairbhe don phobal.

Scrúdóimid freisin an tionchar atá againn mar eagraíochtaí agus mar dhaoine aonair ar an gclár oibre um athrú aeráide agus déanfaimid gníomhartha ceartaitheacha chun ár lorg carbóin a laghdú agus chun bheith glas ar fud na hearnála.

## Cuspóirí

1. Méadú mór a dhéanamh ar sheirbhísí digiteacha ar fud na hearnála ceartais chun tacú le nuachóiriú an Gharda Síochána, na Seirbhíse Cúirteanna agus na Roinne Dlí agus Cirt féin, lena n-áirítear ár seirbhísí inimirce


2. Córais dhigiteacha teachtaireachtaí a chomhtháthú ar fud na hearnála ceartais chun comhroinnt mhéadaithe faisnéise agus comhar méadaithe a éascú

3. Pleananna agus beartais – lena n-áirítear i réimse na bainistíochta flíteanna feithiclí agus eastát – a chur chun feidhme ar fud na hearnála chun tacú le spriocanna an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide a bhaint amach

4. Agus ár seirbhísí á n-athdhearadh, fócas a leagan ar an inbhuanaitheacht, ar réitigh dhigiteacha agus ar laghdú a dhéanamh ar ár lorg carbóin

5. A chinntiú go mbeidh an t-úsáideoir i gcroílár gach seirbhíse a fhorbraímid ar fud na hearnála ceartais

6. Straitéisí nuálaíochta agus ceannaireachta a fhorbairt don earnáil cheartais




# An dóigh a n-oibreoimid sa todhchaí

Ní féidir uaillmhian na Straitéise seo a bhaint amach gan treallús, tiomantas agus tacaíocht na ndaoine a oibríonn inár Roinn.

Sa bhliain 2019, rinne an Roinn beart an-tábhachtach chun í féin a oiriúnú do na dúshláin atá le teacht a shárú. D'atheagraigh sí an dóigh a n-oibríonn sí, agus samhail fheidhmiúil á tabhairt isteach aici. Bhí sé sin ina athrú ó bhonn ar struchtúr Roinne Rialtais in Éirinn agus ar an dóigh a bhfeidhmíonn sí.

Tá sainchúram dírithe ar fhoirne anois, rud a bhfuil mar aidhm leis laghdú a dhéanamh ar an ngá atá le tús áite a thabhairt do shaincheisteanna láithreacha seachas saincheisteanna fadtéarmacha a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo. Cumasaíonn sé sin don Roinn tuilleadh fócais a leagan ar cheapadh beartais, ar rialachas agus ar reachtaíocht. Thug an t-atheagrú an deis dúinn chun bheith nuálach. Ceann de na samplaí is suntasaí den nuálaíocht sin is ea an Fheidhm Trédhearcachta, atá deartha lena bheith níos éifeachtaí agus freagra á thabhairt don Aire, don Oireachtas agus don phobal maidir le gnó parlaiminteach agus le linn cumarsáid a dhéanamh agus dul i ndáil chomhairle leis an bpobal. Thapaigh an Roinn an deis freisin chun foireann thiomnaithe um Dhearadh Seirbhísí a bhunú, rud a chuirfidh an pobal agus custaiméirí i gcroílár an tsoláthair sheirbhíse sa todhchaí.

De réir mar a leanaimid lenár struchtúir inmheánacha a athbhreithniú agus a bheachtú, is eol go maith dúinn go bhfuil ár gcultúr an-tábhachtach go fóill maidir leis an athrú go léir a bhrú chun cinn agus a leabú ar fud ár n-earnála. Rinne an Roinn na luachanna eagraíochta atá aici a athnuachan agus a chomhdhlúthú le déanaí, agus trí chroíluach – Comhoibríoch, Gairmiúil agus Oscailte – á sainaithint aici. Is iad na luachanna sin a mhúnlóidh agus a threoróidh ár gcuid oibre thar an gcéad trí bliana eile. Agus cumas á fhorbairt againn trí thionscnaimh straitéiseacha eagraíochta a chur chun feidhme, leanfaimid orainn ag obair le daoine eile, agus faisnéis agus smaointe á gcomhroinnt chun seirbhísí a sholáthar de réir

ardchaighdeáin, ar mhaithe leis an maitheas phoiblí.

Aithnímid na scileanna, an saineolas agus an tiomantas atá ag ár mbaill foirne agus tá meas againn orthu. Ceann de na príomhaidhmeanna a bheidh leis an Straitéis seo is ea leanúint le hinfheistiú inár mbaill foirne, agus a gcuid scileanna agus cumais á bhforbairt agus á gcothú trína chinntiú go mbeidh deiseanna foghlama agus forbartha ailínithe le riachtanais na heagraíochta agus le riachtanais an duine aonair.

Tiocfaidh athrú ar an dóigh a ndéanaimid ár gcuid oibre agus ar an eagar atá orainn thar an gcéad trí bliana eile de réir mar a oiriúnaímid do bhealaí difriúla chun obair a dhéanamh, lena n-áirítear teicneolaíochtaí móibíleacha a úsáid chun sinn a chumasú obair ón oifig agus ón mbaile araon. Forbróimid ár mbaill foirne chun go mbeidh siad níos inoiriúnaithe agus níos sofhreagrúla agus chun go mbeidh tuilleadh neamhspleáchais acu, agus iad ag freagairt dár dtimpeallacht athraitheach agus do na dúshláin atá le teacht. Oibreoimid lenár mbaill foirne chun a chinntiú go mbeidh na scileanna, an t-eolas agus an cumas acu a theastaíonn chun a gcuid oibre a dhéanamh go héifeachtach. Pleanálfaimid don todhchaí, forbróimid ár gceannairí, déanfaimid scanadh ionchais mar ábhar tosaíochta agus bainfimid leas as anailís fadbhreathnaitheachta straitéisí chun athruithe atá le teacht ar an timpeallacht a réamh-mheas.

Chun ceannaireacht a thaispeáint i dtimpeallacht a bhíonn ag éirí níos casta i gcónaí, teastaíonn bainisteoirí agus ceannairí a thuigeann a dtimpeallacht oibriúcháin agus a théann i dteagmháil lena gcuid comhghleacaithe agus a bhainistíonn iad mar dhaoine aonair agus mar fhoirne araon, agus neamhspleáchas á thabhairt acu do dhaoine chun nuáil agus chun réitigh a fhorbairt. Buntacú tábhachtach ó taobh rath na Roinne amach anseo is ea scileanna bainistíochta agus ceannaireachta ár mball foirne a fhorbairt. Forbrófar na scileanna sin ar fud na hEarnála Ceartais freisin.

Cuirfidh an Roinn Straitéis nua Acmhainní Daonna agus Straitéis nua Foghlama agus Forbartha le chéile chun buntacú leis na cuspóirí atá againn i leith ár mball foirne agus chun tacú le bealaí nua chun obair a dhéanamh, lena n-áirítear bheith ag obair go cianda nuair is cuí.





# Príomhtháscairí

Foilsíonn an Roinn raon tuarascálacha ina dtugtar forbhreathnú ar na réimsí difriúla den earnáil cheartais. Foilsímid tuarascálacha ar dhul chun cinn ar straitéisí agus ar thionscnaimh atá á gcur chun feidhme freisin.

Foilsíonn an Roinn plean gníomhaíochta bliantúil ina dtugtar faisnéis mhionsonraithe agus amlínte mionsonraithe a bhaineann le gach ceann de na gníomhartha straitéiseacha atá leagtha amach sa straitéis. Rianaítear gníomhaíocht agus gníomhartha na Roinne in aghaidh na spriocanna atá leagtha amach thuas.  Foilseofar tuarascáil ar an bplean gníomhaíochta dhá uair in aghaidh na bliana agus forbrófar na táscairí tuilleadh thar thréimhse na Straitéise seo.

**Faireachán breise:**

- Príomhtháscairí Feidhmíochta arna gcomhaontú le Gníomhaireachtaí agus le comhlachtaí mar chuid dá bpróiseas faoin Vóta Dlí agus Cirt
- Faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar na Comhaontuithe Soláthair Formhaoirseachta agus Feidhmíochta dár gcomhlachtaí ábhartha
- Obair leathan a thagann freisin faoi straitéisí eile
- Teagmháil rialta le geallsealbhóirí seachtracha
- Faireachán a dhéanamh ar chroí-aschuir ó na feidhmeanna beartais agus reachtacha
- Sonraí Trédhearcachta a fhoilsítear ar ár suíomh gréasáin
- Táscairí faoi Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 16



# Aguisíní

# Aguisín 1: Gealltanais i gClár an Rialtais

## Sprioc 1

### Dul i ngleic leis an gcoireacht, slándáil náisiúnta a chaomhnú agus póilíneacht a bhunathrú chun feabhais

- Féachaint le comhordú agus comhar a mhéadú idir an Garda Síochána agus an tionscal árachais. Féachaint le Biúró an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch, a dhéileálann le calaois, a leathnú. Faoi na struchtúir nua, soláthróidh an Biúró um Choireacht Eacnamaíoch oiliúint agus tacaíocht do Ghardaí i ngach rannán chun a chinntiú go mbeidh saineolas agus scileanna scaipthe ar fud an Stáit.

- Leanúint le hearcaigh nua chuig an nGarda Síochána a oiliúint gach bliain.

- Tús áite a thabhairt don phóilíneacht infheicthe i bpobail tuaithe agus i bpobail uirbeacha araon.

- Gardaí a bhaint de dhualgais riaracháin agus theicniúla agus de dhualgais eile nach croídhualgais iad chun gur féidir leo díriú ar chúrsaí póilíneachta.

- Éagsúlacht a mhéadú laistigh den Gharda Síochána, agus tús áite á thabhairt do bhacainní a shainaithint ar dhaoine ó chúlraí éagsúla agus mionlaigh a earcú agus a choinneáil agus do dheireadh a chur leis na bacainní sin.

- Obair i gcomhar le heagraíochtaí neamh-rialtasacha agus le seirbhísí chun an tríú Straitéis Náisiúnta um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscnebhunaithe a fhorbairt, is straitéis ina ndíreofar ar chosc agus ar laghdú mar ábhar tosaíochta agus ina mbeidh Straitéis Náisiúnta um Chosc.

- Cur chun feidhme a dhéanamh ar na cinntí ó Athbhreithniú an Mháilligh ar na tacaí a thugtar d'fhinnéithe leochaileacha i gcásanna foréigin ghnéasaigh chun tacú le híospartaigh.

- Straitéis chuimsitheach a ghlacadh agus a chur chun feidhme chun gáinneáil ar mhná agus ar chailíní a chomhrac.

- Iniúchadh a dhéanamh láithreach, agus a chríochnú laistigh de naoi mí ó bhunú an Rialtais, ar an dóigh a bhfuil an fhreagracht as foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe deighilte ar fud gníomhaireachtaí difriúla rialtais agus tograí a fhorbairt maidir leis an mbonneagar a theastaíonn chun a chinntiú go ndéileálfar leis an tsaincheist sin ar an mbealach is éifeachtaí is féidir. Déanfar an t-iniúchadh sin i gcomhar le heagraíochtaí neamhrialtasacha agus le soláthraithe seirbhíse.

- Foghlaim ó shamhail na Ríochta Aontaithe, áit a bhfuil coir an rialaithe chomhéignigh á hionchúiseamh go rathúil ón mbliain 2015 i leith. Infheistiú i gclár cuimsitheach oiliúna do ghairmithe a d'fhéadfadh bheith i dteagmháil le híospartach an rialaithe chomhéignigh, lena n-áirítear an Garda Síochána, gairmithe dlí agus pearsanra na seirbhísí cúirteanna, chun a chinntiú go mbeidh tuiscint shoiléir ann ar chineál an chiona réasúnta nua sin.

- Reachtaíocht a rith chun Athbhreithnithe ar Dhúnbhású Baile a thabhairt isteach.

- An tAcht um Chiontóirí Gnéis, 2001, a thabhairt cothrom le dáta chun a chinntiú go ndéanfar bainistiú agus

faireachán éifeachtach ar chiontóirí gnéis.

- An Bille um Chiapadh agus Cumarsáid Dhochrach (arna leasú) a achtú chun cosc a chur le mí-úsáid ghnéasach íomhábhunaithe agus le comhroinnt mhí-úsáideach íomhánna dlúthphearsanta ar líne.

- Reachtaíocht a rith in aghaidh mionaoisigh a chomhéigniú agus a úsáid chun drugaí a dhíol agus a sholáthar.

- Leanúint le tacaíocht a thabhairt don obair a dhéanann an Garda Síochána chun dul i ngleic leis an gcoireacht eagraithe agus chun cur isteach uirthi.

- Forálacha an Achta um Chiontaí in aghaidh an Stáit, 1998, agus an Achta um Cheartas Coiriúil (Leasú), 2009, a athnuachan gach bliain.

- Struchtúir nua frithéillithe agus frithchalaoise a thabhairt isteach agus a chur chun feidhme, bunaithe ar Athbhreithniú an Hamaltúnaigh atá le teacht.

- Reachtaíocht a rith lena bhforálfar do réamhéisteachtaí trialach chun dlús a chur le riar an cheartais i gcásanna a bhaineann le coireacht an bhóna bháin.

- An tAcht um Cheartas Coiriúil (Cionta Éillithe), 2018, a leasú chun ionchúiseamh choireacht an bhóna bháin a dhéanamh níos inbhainistithe agus níos éifeachtúla

- An Chairt athbhreithnithe Íospartach a chur chun feidhme ina hiomláine agus córas a bhunú chun faireachán a dhéanamh ar a cur chun feidhme.

- Cur chun feidhme iomlán a dhéanamh ar Threoir an Aontais Eorpaigh maidir le hÍospartaigh na Coireachta, lena n-áirítear oifigigh idirchaidrimh le híospartaigh a lánsoláthar.

- Cur chun feidhme iomlán an Achta Parúil, 2019, a chinntiú, lena n-áirítear Bord Parúil neamhspleách reachtúil a bhunú a luaithe is féidir.

- Cur leis na cumhachtaí lena rialaítear an úsáid a bhaineann an Garda Síochána as Teilifís Ciorcaid Iata (TCI) agus as Uathaithint Uimhirphlátaí chun cabhrú leis an gcoireacht a chosc agus leis na daoine a bhíonn ag gabháil do ghníomhaíocht choiriúil a ionchúiseamh.

- Reachtaíocht a rith lena gcuimsítear bearta ábhartha ón Aontas Eorpach agus Prótacal na Náisiún Aontaithe in aghaidh smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar imircigh.

- Obair i gcomhar leis an bhFeidhmeannas agus le Rialtas na Ríochta Aontaithe chun comhar trasteorann ilghníomhaireachta a dhoimhniú i réimse na coireachta, lena n-áirítear comhroinnt faisnéise idir Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart Éireann agus an Garda Síochána.

- Cumhachtaí cuardaigh, gabhála agus coinneála an Gharda Síochána a chódú.

## Sprioc 2

### Feabhas a chur ar rochtain ar an gceartas agus an córas cúirteanna a nuachóiriú

- Bille um Chúirt Teaghlaigh a achtú chun Cúirt Teaghlaigh thiomnaithe nua a chruthú laistigh den struchtúr cúirteanna atá ann cheana agus chun socrú a dhéanamh maidir le nósanna imeachta cúirte lena dtacaítear le díospóidí a réiteach ar bhealach nach mbeidh chomh nimhneach is atá sé.

- Foirgneamh nua Cúirte Dlí Teaghlaigh a thógáil i mBaile Átha Cliath agus a chinntiú go mbeidh saoráidí cúirte ar fud na tíre oiriúnach d'éisteachtaí dlí teaghlaigh ionas gur féidir na héisteachtaí sin a thionól ar leithligh ó chásanna eile.

- Athchóirithe a dhéanamh ar riar an cheartais shibhialta sa Stát, ar athchóirithe iad a chumhdaíonn nithe amhail an bealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla chun acmhainní cúirte agus breithiúnacha a úsáid. Beidh

an obair sin bunaithe ar an tuarascáil ón ngrúpa atá faoi chathaoirleacht an Bhreithimh Onóraigh Peter Kelly, iar-Uachtarán na hArd-Chúirte.

- Nuachóiriú a dhéanamh ar an dlí maidir le daoine a chur faoi mhionn in imeachtaí breithiúnacha agus eile.

- Grúpa oibre a bhunú chun breithniú a dhéanamh ar an líon breithiúna agus ar chineál na mbreithiúna a bheidh ag teastáil chun riar éifeachtúil an cheartais a chinntiú thar an gcéad chúig bliana eile.

- An Bille fá Choimisiún um Cheapacháin Bhreithiúnacha a achtú laistigh den chéad sé mhí de théarma an Rialtais seo.  Dul i mbun cumarsáide le geallsealbhóirí chun leasuithe cuí a dhéanamh ar an mBille reatha chun a chinntiú go bhfaighidh sé tacaíocht leathan. D’áireofaí iontusan freisin a chinntiú go mbeidh an Príomh-Bhreitheamh ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach de bhrí oifige ar an gcomhlacht.

- Clár athchóirithe a fhoilsiú chun laghdú a dhéanamh ar na costais a bhaineann le rochtain ar an gcóras dlí in Éirinn, agus tosú ar an gclár sin a chur chun feidhme.

- Scrúdú neamhspleách a dhéanamh ar an rogha atá ann córas tiomnaithe cosantóirí poiblí a bhunú.

- Athbhreithniú agus athchóiriú a dhéanamh ar dhlíthe clúmhillte chun a chinntiú go nglacfar cur chuige cothromaithe i leith an chirt chun saoirse cainte, i leith an chirt chun dea-chlú agus dea-cháil a chosaint agus i leith an chirt chun rochtain a fháil ar an gceartas.

- Na hathchóirithe riachtanacha a dhéanamh ar ár reachtaíocht um dhócmhainneacht phearsanta agus a chinntiú go mbeidh tacaí dóthanacha i bhfeidhm do shealbhóirí morgáiste a bhfuil deacrachtaí aisíocaíochta acu.

- Dul i ngleic tuilleadh le costais árachais trí bhreithniú a dhéanamh ar athruithe ar an Acht um Dhliteanas Áitititheoirí agus ar an Acht um Dhliteanas Sibhialta (dualgas cúraim) chun treisiú le tarscaoiltí agus le fógraí chun cosaintí a mhéadú do thomhaltóirí, do ghnólachtaí, do chlubanna spóirt agus do ghrúpaí pobail.

- Dul i ngleic tuilleadh le costais árachais trí na Rialacháin Aturnaetha (Fógraíocht), 2002, a neartú.

- Féachaint le comhordú agus comhar a mhéadú idir an Garda Síochána agus an tionscal árachais. Féachaint le Biúró an Gharda Síochána um Choireacht Eacnamaíoch, a dhéileálann le calaois, a leathnú. Faoi na struchtúir nua, soláthróidh an Biúró um Choireacht Eacnamaíoch oiliúint agus tacaíocht do Ghardaí i ngach rannán chun a chinntiú go mbeidh saineolas agus scileanna scaipthe ar fud an Stáit.

- Athbhreithniú agus méadú a dhéanamh ar na pionóis a ghearrtar i leith éileamh calaoiseach.

- A chinntiú go gcuirfear éilimh chalaoiseacha ar aghaidh chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

- Iniúchadh a dhéanamh ar a indéanta atá sé oibleagáid a chur ar éilitheoirí calaoiseacha costais dlí na gcosantóirí a íoc.

- Mionnú éithigh a chur ar bhonn reachtúil, rud a fhágfaidh go mbeidh sé níos éasca an cion sin a ionchúiseamh. Raon feidhme an Bhille um Mionnú Éithigh agus Cionta Gaolmhara a leathnú, á chinntiú go ndéanfaí an pionós uasta ar díotáil a chomhchuibhiú leis na pionóis uasta choibhéiseacha a fhorchuirtear leis an Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna, 2004, as cionta comhchosúla.

- Rialálaí cearrbhachais a bhunú, a dhíreoidh ar shábháilteacht agus folláine an phobail, a chumhdóidh cearrbhachas ar líne agus i bpearsa, agus a mbeidh sé de chumhacht aige nó aici fógraíocht, suíomhanna gréasáin cearrbhachais agus aipeanna cearrbhachais a rialáil.

- An Bille um Sheirbhísí Slándála Príobháidí (Leasú), 2020, a fhoilsiú d'fhonn é a achtú a luaithe is féidir sa bhliain 2021.

- Scéim a thabhairt isteach chun taifid choiriúla a scriosadh d'fhir aeracha a ciontaíodh i gcionta stairiúla.

- Aitheantas a thabhairt don tábhacht náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaineann le cosaint sonraí in Éirinn. Tacóimid leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí, chun a chinntiú go gcomhlíonfaidh Éire na freagrachtaí atá uirthi faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

- Smachtbhanna díspeagadh cúirte a shoiléiriú agus a neartú a mhéid a bhaineann le sáruithe ar na meáin shóisialta.

- Reachtaíocht a rith chun cion reachtúil a dhéanamh de mhionnú éithigh, rud a fhágfaidh go mbeidh sé níos éasca an choir sin a ionchúiseamh.

## Sprioc 3:

## Sábháilteacht pobail a neartú, athchiontú a laghdú, tacú le híospartaigh, agus foréigean baile, gnéasach agus inscnebhunaithe a chomhrac

- Athbhreithniú seachtrach a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil agus eagraíochtúil lena rialaítear TCI pobail.

- Obair i gcomhar le gach gníomhaireacht ceartais choiriúil chun acmhainneacht a fhothú ar mhaithe leis an gceartas aisiríoch a sholáthar go sábháilte agus go héifeachtach.

- Treoirscéimeanna na Freagartha Comh-gníomhaireachta i leith na Coireachta a leathnú chuig tuilleadh limistéar chun spriocdhíriú ar athchiontóirí ilghníomhacha agus ar chiontóirí leochaileacha idir 16 bliana d'aois agus 21 bhliain d'aois.

- Reachtaíocht a rith in aghaidh mionaoisigh a chomhéigniú agus a úsáid chun drugaí a dhíol agus a sholáthar.

- Samhail Lárchathair Thoir Thuaidh Bhaile Átha Cliath a leathnú chuig limistéir chomparáideacha eile atá faoi mhíbhuntáiste.

- Sainfhóram speisialta um iompraíocht fhrithshóisialta a bhunú chun breithniú a dhéanamh ar a éifeachtaí atá an reachtaíocht atá ann cheana agus chun bealaí nua chun cinn a mholadh, lena n-áirítear cumhachtaí nua a thabhairt don Gharda Síochána agus idirghabhálacha breise a dhéanamh chun tacú le tuismitheoireacht ciontóirí.

- Coirpigh a dhéanamh d'aosaigh a ghrúmálann leanaí chun coireanna a dhéanamh

- Cumhachtaí breisithe a chur ar fáil don Gharda Síochána chun teorainn a chur le húsáid rothar streachailte agus cuadrothar ina measc siúd atá ag gabháil don iompraíocht fhrithshóisialta, agus reachtaíocht a achtú chun cur leis na cumhachtaí sin, más gá.

- Athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar na rialacháin agus ar an gcreat beartais lena rialaítear ár gcultúr oíche ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal áitiúil, lena n-áirítear uaireanta trádála a chéimniú do thithe tábhairne, do bheáir dhéanacha, do chlubanna agus do bhialanna.

- Ár ndlíthe ceadúnúcháin agus ár bpróisis iarratais a nuachóiriú.

- Scrúdú a dhéanamh ar an aoisteorainn chun iarratas a dhéanamh ar an gClár Athstiúrtha don Óige de chuid an Gharda Síochána a mhéadú go 24 bliana d'aois.

- Straitéis nua um Cheartas i leith an Aosa Óig a chur chun feidhme, bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh ó shamhail na hÍoslainne, agus béim á leagan ar chosc, ar luath-idirghabháil agus ar chomhar idirghníomhaireachta.

- Tascfhórsa ardleibhéil trasroinne agus tras-ghníomhaireachta a bhunú chun breithniú a dhéanamh ar na dúshláin mheabhairshláinte agus andúile i measc daoine atá sa phríosún agus ar thacaíocht cúraim phríomhúil a

thabhairt dóibh tráth a scaoilte as an bpríosún.

- An Prótacal Roghnach a ghabhann leis an gCoinbhinsiún in aghaidh na Céastóireachta a dhaingniú agus a chur chun feidhme laistigh de 18 mí ó bhunú an Rialtais.

- Cur chuige cuimsitheach a ghlacadh i leith an chéad Straitéis Caipitil eile ó Sheirbhís Phríosúin na hÉireann a fhorbairt, á chinntiú go mbeidh saoráidí coinneála nua-aimseartha ar fáil ina mbeidh acmhainn leordhóthanach.

- Athbhreithniú a dhéanamh ar na feidhmeanna, na cumhachtaí, na nósanna imeachta ceapacháin agus na próisis tuairiscithe atá ann cheana le haghaidh coistí cuairte príosúin.

- Comhairle Chomhairleach um an gCóras Coiriúil a bhunú chun comhairle a thabhairt maidir leis an mbeartas córais choiriúil.

- A chinntiú go mbeidh sásra cuntasachta poiblí seachtrach atá láidir agus neamhspleách ann go fóill do Choimisinéir an Gharda Síochána agus d'Fhoireann Ceannaireachta an Gharda Síochána.

- Bille nua um Póilíneacht agus Sábháilteacht Pobail a thabhairt isteach chun feidhmeanna an Gharda Síochána a athshainiú.

- Reachtaíocht Fuathchoireachta a thabhairt isteach laistigh de 12 mhí ó bhunú an Rialtais. Cruthófar leis an reachtaíocht sin cionta sonracha chun a chinntiú gur mar dhéantóirí fuathchoire a shainaithneofar na daoine a spriocdhíríonn ar íospartaigh mar gheall ar an mbaint atá acu le saintréith féiniúlachta ar leith. Beidh an reachtaíocht sin ar bhonn samhla tromchionta. Tacófar leis an reachtaíocht trí oiliúint a sholáthar ar fud an chórais cheartais choiriúil agus trí thacaí a thabhairt d'íospartaigh.

- Chun a chinntiú go bhféadfar daoine a fhéachann le daoine eile a spreagadh agus a ghríosú chun fuatha in aghaidh grúpaí mionlaigh a ionchúiseamh, déanfaimid an tAcht um Thoirmeasc ar Ghríosú chun Fuatha, 1989, a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta, agus aird á tabhairt ar an gcomhairliúchán poiblí a seoladh sa bhliain 2019.

## Sprioc 4:

## Córas cóir inimirce a sholáthar do ré dhigiteach

- Conairí nua a chruthú do dhaoine atá neamh-dhoiciméadaithe go fadtéarmach agus dá gcleithiúnaithe chun a stádas a rialtú laistigh de 18 mí ó bhunú an Rialtais i gcás go gcomhlíonfaidh siad critéir shonraithe, agus aird á tabhairt ar ghealltanais an Aontais Eorpaigh agus an Chomhlimistéir Thaistil.

- Na bearta arna sainaithint ag an nGrúpa Saineolaithe a chur chun feidhme chun a chinntiú go ndéileálfar le hiarratais ar chosaint idirnáisiúnta agus go dtabharfar chun críche iad chomh tapa agus is féidir, agus nós imeachta cóir agus cur chuige atá bunaithe ar chearta an duine á gcinntiú i ngach cás.

- Reachtaíocht a rith lena gcuimsítear bearta ábhartha ón Aontas Eorpach agus Prótacal na Náisiún Aontaithe in aghaidh smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar imircigh.

## Sprioc 5:

## Dlús a chur leis an nuálaíocht, le claochlú digiteach agus le gníomhú ar son na haeráide ar fud na hearnála ceartais

- Cur leis na cumhachtaí lena rialaítear an úsáid a bhaineann an Garda Síochána as TCI agus as Uathaithint Uimhirphlátaí chun cabhrú leis an gcoireacht a chosc agus leis na daoine atá ag gabháil do ghníomhaíocht choiriúil a ionchúiseamh.

# Aguisín 2: Gníomhaireachtaí/Comhlachtaí atá faoi choimirce na Roinne

Oibreoimid i gcomhpháirt leis na Gníomhaireachtaí/Comhlachtaí go léir atá faoi choimirce na Roinne – is féidir liosta cuimsitheach ina n-áirítear na Boird/na Binsí go léir atá faoi choimirce na Roinne, mar aon leis na feidhmeanna atá acu, a fháil ar shuíomh gréasáin na Roinne.

## Ceartas Coiriúil

| | | | |
|---|---|---|---|
| An Garda Síochána | An Biúró um Shócmhainní Coiriúla | Cigireacht an Gharda Síochána | Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána |
| An Bord Athbhreithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil) | Seirbhís Phríosúin na hÉireann | An tSeirbhís Phromhaidh | An Bord Parúil |
| An tÚdarás Póilíneachta | An Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla | Eolaíocht Fhóiréinseach Éireann | Oifig an Phaiteolaí Stáit |
| Oifig an Chigire Príosún | An tÚdarás Slándála Príobháidí | An Bord Achomhairc um Shlándáil Phríobháideach | |

# Ceartas Sibhialta

An Bord um Chinsireacht Foilseachán

An Bord Achomhairc um Chinsireacht Foilseachán

An tSeirbhís Chúirteanna Courts Service

An tSeirbhís Chúirteanna

An Coimisiún um Chosaint Sonraí Data Protection Commission

An Coimisiún um Chosaint Sonraí

Oifig Chróinéara Dúiche Bhaile Átha Cliath Dublin District Coroner's Court

Cúirt Chróinéara Dúiche Bhaile Átha Cliath

Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann Insolvency Service of Ireland

Seirbhís Dócmhainneachta na hÉireann

An Binse um Achomhairc i dtaobh Cosaint Idirnáisiúnta

Judicial Appointments Advisory Board An Bord Comhairleach um Cheapacháin Bhreithiúnacha

An Bord Comhairleach um Cheapacháin Bhreithiúnacha

Comhairle na mBreithiúna

An Bord Um Chúnamh Dlíthiúil Legal Aid Board

An Bord um Chúnamh Dlíthiúil

LSRA An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí Legal Services Regulatory Authority

An tÚdarás Rialála Seirbhísí Dlí

An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine

IFCO

Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann

An Bord Achomhairc um Sheirbhísí Maoine


EIRE

An Roinn Dlí agus Cirt
Department of Justice